| 1154. | Valentin Pavlovich LUTSAK<br>(Rúisis: Валентин Павлович ЛУЦАК) | Maor an 64th Separate Motorised Rifle Brigade den 35th Combined Arms Army de chuid Chónaidhm na Rúise<br>Dáta breithe: 5.4.1979<br>Náisiúntacht: Rúiseach<br>Inscne: fireann<br>Pasuimhir: 5004 572078<br>Dáta eisiúna: 28.8.2004<br>Uimhir cárta aitheantais náisiúnta: Ф-879492<br>Aitheantas eintiteasbhunaithe: 3102560 | Is maor é Valentin Pavlovich Lutsak de chuid an 64th Separate Motorised Rifle Brigade den 35th Combined Arms Army de chuid Chónaidhm na Rúise a mharaigh, a d'éignigh agus a chéas sibhialtaigh in Bucha na hÚcráine. Is ionann na hainghníomhartha sin agus coireanna in aghaidh na daonnachta agus coireanna cogaidh.<br>Bhí sé i gceannas ar na gníomhaíochtaí a rinne a aonad míleata.<br>Dá bhrí sin, tá sé freagrach as tacú le gníomhaíochtaí nó le beartais, nó as iad a chur chun feidhme lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, nó de chobhsaíocht nó de shlándáil san Úcráin, nó ar bagairt iad ar an méid sin. | 3.6.2022 |

| | Ainm | Faisnéis chéannachta | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 1155. | Sergey Nikolaevich BORISENKO<br>(Rúisis: Сергей Николаевич БОРИСЕНКО) | Maor an 64th Separate Motorised Rifle Brigade den 35th Combined Arms Army de chuid Chónaidhm na Rúise<br>Dáta breithe: 15.3.1978<br>Náisiúntacht: Rúiseach<br>Inscne: fireann<br>Pasuimhir: 0503 357858<br>Dáta eisiúna: 30.1.2003<br>Uimhir aitheantais: У-268030<br>Aitheantas eintiteasbhunaithe: 3127462 | Is maor é Sergey Nikolaevich Borisenko de chuid an 64th Separate Motorised Rifle Brigade den 35th Combined Arms Army de chuid Chónaidhm na Rúise a mharaigh, a d'éignigh agus a chéas sibhialtaigh in Bucha na hÚcráine. Is ionann na hainghníomhartha sin agus coireanna in aghaidh na daonnachta agus coireanna cogaidh.<br>Bhí sé i gceannas ar na gníomhaíochtaí a rinne a aonad míleata.<br>Dá bhrí sin, tá sé freagrach as tacú le gníomhaíochtaí nó le beartais, nó as iad a chur chun feidhme lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó de chobhsaíocht nó de shlándáil san Úcráin nó ar bagairt iad ar an méid sin. | 3.6.2022 |
| 1156. | Marina Alexandrovna MORDASHOVA<br>(Rúisis: Марина Александровна МОРДАШОВА) | Dáta breithe: 17.5.1979<br>Náisiúntacht: Rúiseach<br>Inscne: baineann<br>Daoine aonair comhlachaithe:<br>Alexey Mordashov (fear céile)<br>Kirill Mordashov (leasmhac)<br>Nikita Mordashov (leasmhac)<br>Eintitis chomhlachaithe:<br>Ondero Limited, British Virgin Islands<br>Unifirm Limited, Cyprus<br>Ranel Assets Limited, British Virgin Islands<br>Rayglow Limited, Cyprus<br>ServerGroup LLC (Russian Federation)<br>KN-Holding LLC (USA)<br>Nordgold | Is bean chéile Alexey Mordashov, cathaoirleach na cuideachta Severgroup, í Marina Mordashova. D'aistrigh Alexey Mordashov a chuid scaireanna sa chuideachta ollmhór taistil, TUI, agus sa chuideachta óir, Nordgold, ar fiú os cionn 1.5 billiún euro iad le chéile, chuig a bhean chéile, Marina Mordashova, trí chuideachtaí éagsúla amach ón gcósta, lena n-áirítear Unifirm Limited, Ondero Limited agus Ranel Assets Limited, atá faoi úinéireacht Marina Mordashova nó atá á rialú aici. Dá bhrí sin, is duine nádúrtha í Marina Alexandrovna Mordashova atá comhlachaithe le duine liostaithe atá freagrach as tacaíocht a thabhairt do ghníomhaíochtaí agus do bheartais a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus as tacaíocht airgeadais agus ábharach a thabhairt do chinnteoirí na Rúise atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine, agus as tairbhe a bhaint as na cinnteoirí sin. | 3.6.2022 |

| | Ainm | Faisnéis chéannachta | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 1157. | Mikhail Evgenievich MIZINTSEV<br>(Rúisis: Михаил Евгеньевич МИЗИНЦЕВ) | Ceann an National Defense Control Center de chuid Chónaidhm na Rúise, Cornal Gineárál<br>Dáta breithe: 10.9.1962<br>Áit bhreithe: Averinskaya, Syamzhensky district, Vologda region.<br>Náisiúntacht: Rúiseach<br>Inscne: fireann | Is Ceann an National Defense Control Center de chuid Chónaidhm na Rúise é an Cornal Gineárál Mikhail Mizintsev. Tugtar 'Búisteoir Mariupol' mar leasainm ar Mizintsev agus sainaithníodh é mar an té a bhí i gceannas ar léigear Mariupol, áit a ndeachaigh sé i muinín na n-oirbheart a úsáideadh roimhe seo i léigear Aleppo sa tSiria, agus fórsaí na Rúise á stiúradh aige sa bhuamáil a rinneadh ar Mariupol. Cuirtear i leith Mizintsez go háirithe gur eagraigh sé bombarduithe chathair Mariupol, inar maraíodh na céadta sibhialtach, lena n-áirítear tuairgneáil ospidéil máithreachais agus amharclainne in Mariupol, inar maraíodh na céadta leanaí. Dá bhrí sin, is duine nádúrtha é Mikhail Mizintsev atá freagrach as tacú le gníomhaíochtaí nó le beartais, nó as iad a chur chun feidhme lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, nó de cobhsaíocht nó de shlándáil san Úcráin, nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí agus na beartais sin ar an méid sin. | 3.6.2022 |
| 1158. | Elizaveta Dmitrievna PESKOVA<br>(Rúisis: Елизавета Дмитриевна ПЕСКОВА) | Leas-Uachtarán ar an Foundation for the Development of Russian – French Historical Initiatives<br>Dáta breithe: 9.1.1998<br>Áit bhreithe: Moscow, Russian Federation<br>Náisiúntacht: Rúiseach<br>Inscne: baineann<br>Daoine aonair comhlachaithe: Dmitry Peskov (athair) | Is iníon le Dmitry Peskov, preasrúnaí Uachtarán Chónaidhm na Rúise, Vladimir Putin, í Elizaveta Peskova, a liostaíodh faoi Chinneadh 2014/145/CBES.<br>Is Leas-Uachtarán ar an Foundation for the Development of Russian – French Historical Initiatives í Elizaveta Peskova agus is bunaitheoir gnólachta cumarsáide í. D'éirigh léi na poist mhórbhrabúis sin a fháil agus tá stíl mhaireachtála shóúil aici a bhuí leis na ceangail atá ag a hathair.<br>Dá bhrí sin, tá sí comhlachaithe le duine liostaithe a thacaigh go gníomhach le gníomhaíochtaí nó le beartais lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, nó de chobhsaíocht nó de shlándáil san Úcráin, nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí agus na beartais sin ar an méid sin. | 3.6.2022 |

| | Ainm | Faisnéis chéannachta | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 1159. | Nikolay Dmitrievich PESKOV<br>(dá ngairtear freisin Nikolay Dmitrievich CHOLES/CHOULZ)<br>(Rúisis: Николай Дмитриевич ПЕСКОВ)<br>(dá ngairtear freisin Николай Дмитриевич ЧОУЛЗ) | Dáta breithe: 3.2.1990<br>Áit bhreithe: Moscow, Russian Federation<br>Náisiúntacht: Rúiseach<br>Inscne: fireann<br>Pasuimhir: 721123760<br>Dáta eisiúna: 12.9.2012<br>Dáta éaga: 12.9.2022<br>Uimhir Aitheantais Náisiúnta: 4516913332<br>Duine aonair comhlachaithe: Dmitry Peskov (athair) | Is mac le Dmitry Peskov, preasrúnaí Uachtarán Chónaidhm na Rúise, Vladimir Putin, é Nikolay Peskov, a liostaíodh faoi Chinneadh 2014/145/CBES.<br>Baineann Nikolay Peskov úsáid as saibhreas agus airgead a athar, agus dá bhrí sin, baineann sé tairbhe dhíreach as an dlúthcheangal atá aige lena athair. Dá bhrí sin, tá sé comhlachaithe le duine liostaithe a thacaigh go gníomhach le gníomhaíochtaí nó le beartais lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó de chobhsaíocht agus de shlándáil san Úcráin nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí agus na beartais sin ar an méid sin. | 3.6.2022 |
| 1160. | Tatiana Aleksandrovna NAVKA<br>(Rúisis: Татьяна Александровна НАВКА) | Dáta breithe: 13.4.1975<br>Áit bhreithe: Ukraine<br>Náisiúntacht: Rúiseach<br>Inscne: baineann | Is bean chéile Dmitriy Peskov, preasrúnaí Uachtarán Chónaidhm na Rúise, Vladimir Putin, í Tatiana Navka, a liostaíodh faoi Chinneadh 2014/145/CBES.<br>Is comhúinéir cuideachtaí agus réadmhaoine atá lonnaithe , inter alia, i leithinis na Crimé a d'ionghabháil Chónaidhm na Rúise go neamhdhleathach í Tatiana Navka. Dá bhrí sin, tá sí ag tacú le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin. Chomh maith leis sin, tá sí comhlachaithe le duine liostaithe a thacaigh go gníomhach le gníomhaíochtaí nó le beartais lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó de chobhsaíocht agus de shlándáil san Úcráin nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí agus na beartais sin ar an méid sin | 3.6.2022 |

| | Ainm | Faisnéis chéannachta | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 1161. | Sergey Vladimirovich SAVOSTYANOV<br>(Rúisis: Сергей Владимирович САВОСТЬЯНОВ) | Comhalta den Moscow City Duma.<br>Dáta breithe: 22.8.1984<br>Áit bhreithe: Lyubertsy, Moscow region, Russian Federation<br>Náisiúntacht: Rúiseach<br>Inscne: fireann | Is státaire agus polaiteoir de chuid na Rúise é Sergey Savostyanov. Toghadh mar theachta de chuid Duma chathair Mhoscó é an 8 Meán Fómhair 2019.<br>Trí iomláine chríochach na dtíortha neamhspleácha a shéanadh agus athchóiriú theorainneacha iar-Aontas na bPoblachtaí Sóivéadacha Sóisialacha a chur chun cinn, tacaíonn sé go poiblí le gníomhaíochtaí Chónaidhm na Rúise san Úcráin. Dá bhrí sin, tá sé freagrach as tacú le gníomhaíochtaí nó le beartais, nó as iad a chur chun feidhme lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, chomh maith le cobhsaíocht agus slándáil san Úcráin. | 3.6.2022 |
| 1162. | Andrei Yurievich LIPOV<br>(Rúisis: Андрей Юрьевич ЛИПОВ) | Ceann an Russian Federal Service for Supervision of Communications, Information Technology and Mass Media (Roskomnadzor)<br>Dáta breithe: 23.11.1969<br>Áit bhreithe: Moscow, Russian Federation<br>Náisiúntacht: Rúiseach<br>Inscne: fireann | Is é Andrei Lipov ceann an Russian Federal Service for Supervision of Communications, Information Technology and Mass Media (Roskomnadzor). Is uirlis lárnach é Roskomnadzor chun cinsireacht a dhéanamh agus chun na meáin shaora a chur faoi chois sa Rúis.<br>Mar cheann Roskomnadzor, tá Lipov freagrach as cinntí as ar eascair cinsireacht agus ar dúnadh meáin neamhspleácha na Rúise mar gheall orthu.<br>Cruthaítear spás faisnéise a ndéantar cinsireacht air leis na gníomhaíochtaí sin, ina gcuirtear fogha armtha na Rúise faoin Úcráin chun cinn, ina gcabhraítear agus ina dtacaítear leis an bhfogha sin.<br>Thairis sin, faoi cheannaireacht Lipov, bhain Roskomnadzor an bonn go leanúnach d'iomláine chríochach na hÚcráine trí thacú leis na réigiúin scarúnaíocha san Úcráin, na 'poblachtaí' mar a ghairtear díobh sna Donbas, agus go háirithe Denis Pushilin, ceann 'Daon-Phoblacht Donetsk' mar a ghairtear di.<br>Dá bhrí sin, tá Lipov freagrach as tacú go gníomhach le gníomhaíochtaí nó le beartais, nó as iad a chur chun feidhme lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, nó de chobhsaíocht nó de shlándáil san Úcráin. | 3.6.2022 |

| | Ainm | Faisnéis chéannachta | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 1163. | Volodymir Vasilyovich SALDO<br>(Úcráinis: Володимир Васильович САЛДО) | Comhalta de Kherson City Council, comhalta de 'Salvation Committee for Peace and Order' in Kherson<br>Iar-mhéara Kherson (2002–2012) agus iar-Fheisire Parlaiminte (Party of the Regions, 2012–2014).<br>Dáta breithe: 12.6.1956<br>Náisiúntacht: Úcránach<br>Inscne: fireann | I mí an Mhárta 2022, chuaigh Volodymir Saldo chuig slógadh chun tacú le fogha na Rúise faoin Úcráin agus ina dhiaidh sin, bhí sé rannpháirteach i gcruthú an 'Salvation Committee for Peace and Order', mar a ghairtear de, foras chun tacú le forghabháil na Rúise in Kherson Oblast. Thacaigh Saldo le beartais lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus chuir sé na beartais sin chun cinn. | 3.6.2022 |
| 1164. | Kyrylo Sergiyovich STREMOUSOV<br>(Úcráinis: Кирило Сергійович СТРЕМОУСОВ) | Uachtarán an 'Salvation Committee for Peace and Order' in Kherson<br>Dáta breithe: 1976<br>Náisiúntacht: Rúiseach<br>Inscne: fireann | I Márta 2022, bhí Kyrylo Stremousov rannpháirteach i gcruthú an 'Salvation Committee for Peace and Order' mar a ghairtear de, foras chun tacú le forghabháil na Rúise in Kherson Oblast.<br>Thacaigh Stremousov le beartais lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus chuir sé na beartais sin chun cinn | 3.6.2022 |
| 1165. | Serhiy Mikolayovich CHEREVKO<br>(Úcráinis: Сергій Миколайович ЧЕРЕВКО) | Comhalta den 'Salvation Committee for Peace and Order' in Kherson, iar-leasmhéara Kherson<br>Dáta breithe: 11.8.1975<br>Náisiúntacht: Úcránach<br>Inscne: fireann | I Márta 2022, bhí Serhiy Cherevko rannpháirteach i gcruthú an 'Salvation Committee for Peace and Order' mar a ghairtear de, foras chun tacú le forghabháil na Rúise in Kherson Oblast.<br>Thacaigh Cherevko le beartais lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus chuir sé na beartais sin chun cinn. | 3.6.2022 |
| 1166. | Tetiana KUZMICH<br>(Úcráinis: Тетяна КУЗЬМІЧ) | Comhalta den 'Salvation Committee for Peace and Order' in Kherson.<br>Iar-leasmhéara Kherson.<br>Uachtarán ar eagraíocht na Comhphobal sibhialta Russian National Society 'Rusich'.<br>Dáta breithe: 10.4.1968<br>Náisiúntacht: Úcránach<br>Inscne: baineann | I Márta 2022, bhí Tetiana Kuzmich rannpháirteach i gcruthú an 'Salvation Committee for Peace and Order' mar a ghairtear de, foras chun tacú le forghabháil na Rúise in Kherson Oblast.<br>Thacaigh Kuzmich le beartais lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus chuir sí na beartais sin chun cinn. | 3.6.2022 |

| | Ainm | Faisnéis chéannachta | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 1167. | Galina Viktorivna DANILCHENKO<br>(Úcráinis: Галина Вікторівна ДАНИЛЬЧЕНКО) | Ceaptha ag fórsaí forghabhála na Rúise mar mhéara gníomhach Melitopol<br>Dáta breithe: 1964<br>Náisiúntacht: Úcránach<br>Inscne: baineann | Is méara gníomhach chathair Melitopol í Galina Danilchenko.<br>An 4 Márta 2022, d'fhuadaigh fórsaí na Rúise méara dlisteanach Melitopol agus ceapadh Danilchenko mar ionadaí air. Thairis sin, rinne sí roinnt ráiteas inar thacaigh sí le láithreacht na Rúise ina cathair agus d'iarr sí ar an bpobal gan cur i gcoinne an áititheora.<br>Dá bhrí sin, sa cháil sin, thacaigh sí le beartais lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus chuir sí na beartais sin chun cinn. | 3.6.2022 |
| 1168. | Petr AKOPOV<br>(Rúisis: Петр АКОПОВ) | Feidhm: Bolscaire Rúiseach: colúnaí ag RIA Novosti<br>Dáta breithe: 7.10.1968<br>Náisiúntacht: Rúiseach<br>Inscne: fireann | Is bolscaire Rúiseach agus colúnaí ag RIA Novosti é Petr Akopov, gníomhaireacht nuachta baile faoi úinéireacht Stáit Rúiseach, atá faoi rialú Stáit éifeachtach Rossiya Segodny. Is pearsa lárnach é i mbolscaireacht an Rialtais agus tá ailt scríofa aige ina séantar ceart na hÚcráine chun státachta agus ina n-iarrtar 'dínaitsiú' na tíre, agus ina n-iarrtar freisin go ndéanfaí an tír a 'dhí-Úcránú', ag cur chun cinn an smaoinimh gur cheart don Úcráin a bheith mar dhlúthchuid den Rúis.<br>Dá bhrí sin, tá Petr Akopov freagrach as tacú le gníomhaíochtaí nó le beartais, nó as iad a chur chun feidhme lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó de chobhsaíocht nó de shlándáil san Úcráin nó ar bagairt iad ar an méid sin. | 3.6.2022 |
| 1169. | Timofey Nikolaevich SERGEYTSEV<br>(Rúisis: Тимофей Николаевич СЕРГЕЙЦЕВ) | Feidhm: Bolscaire Rúiseach: colúnaí ag RIA Novosti<br>Dáta breithe: 3.11.1963<br>Náisiúntacht: Rúiseach<br>Inscne: fireann | Is bolscaire Rúiseach agus colúnaí ag RIA Novosti é Timofey Sergeytsev, gníomhaireacht nuachta baile faoi úinéireacht Stáit Rúiseach, atá faoi rialú Stáit éifeachtach Rossiya Segodny. Is pearsa lárnach é i mbolscaireacht an Rialtais agus tá ailt scríofa aige ina séantar ceart na hÚcráine chun státachta agus ina n-iarrtar 'dínaitsiú' na tíre, agus ina n-iarrtar freisin go ndéanfaí an tír a 'dhí-Úcránú', ag cur chun cinn an smaoinimh gur cheart don Úcráin a bheith mar dhlúthchuid den Rúis.<br>Dá bhrí sin, tá Timofey Sergeytsev freagrach as tacú le gníomhaíochtaí nó le beartais, nó as iad a chur chun feidhme lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó de chobhsaíocht nó de shlándáil san Úcráin nó ar bagairt iad ar an méid sin. | 3.6.2022 |

| | Ainm | Faisnéis chéannachta | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 1170. | Victoria NIKIFOROVA<br>(Rúisis: Виктория НИКИФОРОВА) | Feidhm: Bolscaire Rúiseach: colúnaí ag RIA Novosti<br>Dáta breithe: 12.6.1971<br>Áit bhreithe: Moscow, Russian Federation<br>Náisiúntacht: Rúiseach<br>Inscne: baineann | Is bolscaire Rúiseach agus colúnaí ag RIA Novosti í Victoria Nikiforova, gníomhaireacht nuachta baile faoi úinéireacht Stáit Rúiseach, atá faoi rialú Stáit éifeachtach Rossiya Segodny. Is pearsa lárnach í i mbolscaireacht an Rialtais agus shéan sí ceart na hÚcráine chun a bheith ann, chomh maith le cumas mhuintir na hÚcráine cinntí a dhéanamh as a stuaim féin. Deir sí go ndearnadh intinn mhuintir na hÚcráine 'a mhúnlú' agus go ndearnadh 'gialla' díobh agus, ar an gcaoi sin, tá dearcadh dearfach i leith an fhogha atá á thabhairt ag an Rúis faoin Úcráin á chur chun cinn aici.<br>Dá bhrí sin, tá Victoria Nikiforova freagrach as tacú le gníomhaíochtaí nó le beartais, nó as iad a chur chun feidhme lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó de chobhsaíocht nó de shlándáil san Úcráin nó ar bagairt iad ar an méid sin. | 3.6.2022 |
| 1171. | Alina Maratovna KABAEVA<br>(dá ngairtear freisin Alina Maratovna KABAYEVA)<br>(Rúisis: Алина Маратовна КАБАЕВА) | Feidhm: Chairwoman of the Board of Directors of the National Media Group (NMG)<br>Dáta breithe: 12.5.1983<br>Áit bhreithe: Tashkent, Uzbekistan<br>Náisiúntacht: Rúiseach<br>Inscne: baineann<br>Eintiteas comhlachaithe: National Media Group (NMG) | Is Cathaoirleach Board of Directors of the National Media Group (NMG) í Alina Kabaeva, cuideachta sealbhaíochta ag a bhfuil leasanna suntasacha i mbeagnach gach móreagraíocht de chuid na meán cónaidhme Rúiseach a chuireann bolscaireacht Rialtas na Rúise chun cinn. Is iar-ghleacaí Rúiseach í agus iar-chomhalta den Duma Stáit (Duma State) í. Tá dlúthbhaint aici leis an Uachtarán Vladimir Putin.<br>Dá bhrí sin, tá sí freagrach as tacú le gníomhaíochtaí nó le beartais lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, chomh maith le cobhsaíocht agus le slándáil san Úcráin Thairis sin, tá sí comhlachaithe le duine liostaithe atá freagrach as tacú go gníomhach le gníomhaíochtaí nó le beartais lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, chomh maith le cobhsaíocht agus slándáil san Úcráin. | 3.6.2022 |

| | Ainm | Faisnéis chéannachta | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 1172. | Aleksandra MELNICHENKO<br>(Seirbis: Александра МЕЉНИЧЕНКО) | Dáta breithe: 21.4.1977<br>Áit bhreithe: Béalgrád, an tSeirbia<br>Duine aonair comhlachaithe: Andrey Igorevich Melnichenko (fear céile)<br>Náisiúntacht: Seirbiach<br>Inscne: baineann<br>Pasuimhir: Pasuimhir Cróiteach 094949450 (dáta éaga: 23.12.2023) | Is é Aleksandra Melnichenko bean chéile Andrey Igorevich Melnichenko, tionsclaí Rúiseach a bhfuil an mórtháirgeoir leasacháin EuroChem Group agus an chuideachta guail SUEK faoina sheilbh aige. Baineann Aleksandra Melnichenko leas maith as an saibhreas agus baineann sí tairbhe as rachmas a fir chéile. In éineacht leis siúd, is léi dhá dhíonteach ar luach níos mó ná 30 milliún dollar iad. I mí an Mhárta 2022, ghlac Aleksandra Melnichenko áit a fir chéile mar an t-úinéir úinéir tairbhiúil ar Firstline Trust, atá á bhainistiú ag Linetrust PTC Ltd, cuideachta atá ina húinéir deiridh ar EuroChem Group.<br>Mar sin, tá baint aici le duine mór gnó a bhfuil baint acu le hearnálacha eacnamaíocha a chuireann foinse shuntasach ioncaim ar fáil do Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as an gCrimé a ionghabháil agus as an Úcráin a dhíchobhsú. Thairis sin, tacaíonn Andrey Igorevich Melnichenko le gníomhaíochtaí nó le beartais, nó cuireann sé chun feidhme iad, a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, agus de chobhsaíocht agus de shlándáil san Úcráin. | 3.6.2022 |
| 1173. | Eduard Yurevich KHUDAYNATOV<br>(Эдуард Юрьевич ХУДАЙНАТОВ) | Dáta breithe: 11.9.1960<br>Áit bhreithe: Shymkent, USSR (Kazakhstan anois)<br>Náisiúntacht: Rúiseach<br>Pasuimhir: 753296761 (Rúisis)<br>Inscne: fireann | Is fear gnó Rúiseach é Eduard Yurevich Khudaynatov atá gníomhach san earnáil fuinnimh. Is é úinéir an 'Independent Oil and Gas Company' (NOC, JSC Neftegazholding), ceann de na cuideachtaí príobháideacha is mó sa Rúis agus mórtháirgeoir ola, a dhéanann sirtheoireacht, taiscéalaíocht agus forbairt ar olacheantair agus gáscheantair, scagadh ola, chomh maith le táirgeadh agus margú táirgí peitriliam. In 2015, b'fhiú $2.2 billiún ioncam na cuideachta.<br>Fuair an 'Independent Oil and Gas Company' le blianta beaga anuas scaireanna suntasacha i gcuideachtaí atá rannpháirteach san earnáil fuinnimh, mar aon lena gceadúnais eastósctha, ó Rosneft atá faoi úinéireacht Stáit. Ina theannta sin, glacann NOC páirt in éineacht le Rosneft sa tionscadal Vostok Oil. Le blianta beaga anuas, d'íoc Rosneft freisin $9.6 billiún le Khudaynatov mar mhalairt ar chuideachta a bhfuil olacheantar in Taimyr faoina húinéireacht. | 3.6.2022 |

| | Ainm | Faisnéis chéannachta | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| | | | In 2019, d'iarr NOC agus Rosneft sochair ar Uachtarán Putin agus fuair siad na sochair sin i ndáil lena ngníomhaíochtaí eastósctha san Artach.<br><br>Tá baint ag Khudaynatov leis an olagarc Rúiseach Igor Sechin agus leis an Uachtarán Vladimir Putin.<br><br>D'oibrigh Khudaynatov agus Sechin le chéile in Rosneft agus tá a gcuid cuideachtaí i mbun gníomhaíochtaí gnó comhpáirteacha san earnáil fuinnimh.<br><br>D'oibrigh sé ar an gcéad fheachtas toghcháin uachtaránachta a bhí ag Putin in 2000, feachtas a bhainistigh sé i réigiún Tyumen, áit a raibh Khudaynatov ina chomhalta réigiúnach den Duma ó 1997.<br><br>Fuair sé 'an tOrd um Fhiúntas don Athartha' as"seasamh na Rúise sa mhargadh domhanda fuinnimh a neartú agus feabhas a chur ar a ionchais infheistíochta'.<br><br>Dá bhrí sin, is duine mór gnó é Eduard Yurevich Khudaynatov atá rannpháirteach in earnálacha eacnamaíocha a sholáthraíonn foinse shuntasach ioncaim do Rialtas Chónaidhm na Rúise. Tá sé ag baint tairbhe as Rialtas na Rúise agus tá baint aige le daoine liostaithe. | |
| 1174. | Pavel Evgenevich PRIGOZHIN<br><br>(Павел Евгеньевич ПРИГОЖИН) | Dáta breithe: 1996<br><br>Náisiúntacht: Rúiseach<br><br>Uimhir aitheantais chánach 780103765308<br><br>Daoine aonair comhlachaithe: Yevgeniy Viktorovich Prigozhin (athair), Lyubovna Valentinovna Prigozhina (máthair), Polina Evgenievna Prigozhina (deirfiúr)<br><br>Eintitis chomhlachaithe: Lakhta Park, Lakhta Park Premium, Lakhta Plaza, Turtrans<br><br>Inscne: fireann | Mac é Pavel Prigozhin le Yevgeniy Prigozhin, fear mór gnó a bhfuil dlúthcheangail aige leis an Uachtarán Putin agus le hAireacht Cosanta na Rúise. Is é Yevgeniy Prigozhin cisteoir agus ceann neamhoifigiúil an Wagner Group, eintiteas míleata neamhchorpraithe atá bunaithe sa Rúis, agus atá freagrach as amhais a imscaradh san Úcráin.<br><br>Tá Concord, ar a dtugtar freisin KOMBINAT PITANIYA KONKORD OOO, cuideachta a bhunaigh Yevgeniy Prigozhin agus ar leis é go dtí mí na Samhna 2019 agus grúpa cuideachtaí eile a bhfuil ceangal acu leis, lena n-áirítear Concord Management agus Consulting LLC agus Megaline LLC, ag baint tairbhe as conarthaí móra poiblí le hAireacht Cosanta na Rúise mar thoradh ar ionghabháil mhídhleathach na Crimé ag Cónaidhm na Rúise, agus ar fhorghabháil Oirthear na hÚcráine ag scarúnaithe a bhfuil tacaíocht na Rúise acu. | 3.6.2022 |

| | Ainm | Faisnéis chéannachta | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| | | | Is úinéir é Pavel Prigozhin ar chúig chuideachta, a bhí faoi úinéireacht a mháthar roimhe sin: Lyubovna Valentinovna Prigozhina, Beta LLC, Turstatus, Lakhta Park Premium LLC, Lakhta Park LLC agus Lakhta Plaza LLC.<br><br>Dá bhrí sin, tá baint aige le mórdhaoine gnó nó le daoine dlíthiúla, eintitis nó comhlachtaí atá rannpháirteach in earnálacha eacnamaíocha a thugann foinse shuntasach ioncaim do Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine. | |
| 1175. | Arkady Yurievich VOLOZH<br><br>(Аркадий Юрьевич ВОЛОЖ) | Feidhm: combhunaitheoir agus príomhoifigeach feidhmiúcháin Yandex N.V.<br><br>Dáta breithe: 11.2.1964<br><br>Áit bhreithe: Atyrau, Kazakh Soviet Socialist Republic, USSR(Kazakhstan anois)<br><br>Náisiúntacht: Rúiseach, Máltach<br><br>Inscne: fireann | Is duine mór gnó Rúiseach é Arkady Yurievich Volozh a bhfuil leasanna gnó i TF agus teicneolaíocht.aige. Is é bunaitheoir agus príomhoifigeach feidhmiúcháin Yandex. Is é Yandex an chuideachta idirlín is mó sa Rúis, a oibríonn an innill cuardaigh is mó tóir sa Rúis.<br><br>Is scairshealbhóirí agus infheisteoirí in Yandex iad bainc sa Rúis atá faoi úinéireacht Stáit, amhail Sberbank agus VTB.<br><br>Sa bhliain 2019, d'aontaigh Yandex le hathstruchtúrú a thug 'scair órga' don Public Interest Foundation nuabhunaithe a tógadh chun 'leasanna Chónaidhm na Rúise a chosaint'. Tríd an Public Interest Foundation, tá Rialtas Chónaidhm na Rúise in ann liosta sainithe saincheisteanna a chrosadh amhail maoin intleachtúil ábharach a dhíol, agus sonraí pearsanta úsáideoirí na Rúise a dhíol le cuideachtaí eachtracha nó iad a aistriú chucu, ceisteanna a mheastar a théann i bhfeidhm ar 'leas náisiúnta' na Rúise. Tá Yandex freagrach freisin as meáin Stáit agus insintí an stáit a chur chun cinn ina thorthaí cuardaigh, agus ábhar ina gcáintear an Chreimil a dhíaicmiú agus a bhaint, amhail ábhar a bhaineann le cogadh foghach na Rúise in aghaidh na hÚcráine.<br><br>Is mórdhuine gnó é Volozhatá atá rannpháirteach in earnálacha eacnamaíocha a thugann foinse shuntasach ioncaim do Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine. Ina theannta sin, mar bhunaitheoir agus mar phríomhoifigeach feidhmiúcháin Yandex, tá sé ag tacú, go hábharach nó ó thaobh airgeadais de, le Rialtas Chónaidhm na Rúise agus tá sé freagrach as tacú le gníomhaíochtaí nó beartais a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad ar an méid sin. | 3.6.2022" |

2. EINTITIS

| | Ainm | Faisnéis chéannachta | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
